Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2019
(OR. en)

6339/19

COHOM 22
CONUN 15
COASI 28
MAMA 32
COEST 34
COAFR 28
DEVGEN 27
CFSP/PESC 121

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Feabhra 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6228/19 COHOM 18 COPS 35 CONUN 12 COASI 27 MAMA 31 COEST 31 COAFR 27 DEVGEN 24 CFSP/PESC 114 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2019 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh ag Fóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2019, a ghlac an Chomhairle ag an 3673ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 18 Feabhra 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2019**

1. Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar luachanna an mheasa ar chearta an duine, ar an dínit dhaonna, ar an tsaoirse, ar an gcomhionannas agus ar an dlúthpháirtíocht. Tá sé tiomanta do chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint, ar rudaí iad a bhfuil ról acu freisin i dtaca leis an tsíocháin agus an tslándáil inbhuaine a áirithiú agus iad mar bhunchlocha ag a ghníomhaíochtaí seachtracha. Seasann an tAontas le chéile agus é ag tacú go diongbháilte le córas na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, córas atá bunaithe ar na luachanna ceannann céanna sin, agus leanfaidh sé dá chur i bhfeidhm, dá chosaint agus dá chur chun cinn mar thosaíocht ina ghníomhaíochtaí seachtracha i gcaitheamh 2019.

2. Leanfaidh an tAontas Eorpach d'aon sárú ar chearta an duine a cháineadh, cibé áit ina ndéantar é, agus leanfaidh sé d'éileamh a dhéanamh ar stáit agus ar ghníomhaithe neamhstáit iad a chosc nó deireadh láithreach a chur leo agus ceart agus cuntasacht a iarraidh chomh maith. Tacaíonn sé go huile is go hiomlán le hobair agus le sainordú Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus iarrann sí ar na stáit uile urraim a thabhairt do neamhspleáchas an Ard-Choimisinéara agus a hOifige agus dul i mbun comhar iomlán leo agus a sainordú a saothrú acu.

3. Bainfidh an tAontas Eorpach úsáid as gach uirlis agus fóram atá ann lena ghealltanais i ndáil le cearta an duine a chomhlíonadh agus le cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear faoi chuimse Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus aon fhóraim ábhartha eile, i gcomhréir le Conradh an Aontais Eorpaigh agus Cairt na Náisiún Aontaithe, agus trí bhíthin ráitis phoiblí, gníomhaíochtaí taidhleoireachta, taidhleoireacht phoiblí, idirphlé ar chearta an duine agus idirphlé polaitiúil, tríd an Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann, trí rannpháirtíocht le Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe agus trí smachtbhannaí de réir mar is iomchuí. Féachfaidh sé le comhghuaillíochtaí a chothú ar cheisteanna téamacha agus ar chásanna tíre araon. Leanfaidh sé den phlé gníomhach leis an tsochaí shibhialta. Geallann an tAontas go gcuirfidh sé prionsabal na Freagrachta as Cosaint chun cinn ina ghníomhaíochtaí seachtracha, lena n-áirítear trí na misean agus na hoibríochtaí atá aige ar an talamh.

4. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don iltaobhachas agus don ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha. Is mór aige na cinntí le déanaí a rinne an Chomhairle um Chearta an Duine maidir le bheith ag cur lena héifeachtúlacht agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas do leanúint de bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara ar fad d'fhonn an Chomhairle um Chearta an Duine a neartú agus ag an am céanna a bhfuil bainte amach aici a chosaint agus aitheantas a thabhairt don ról ar leith agus don luach breise atá aici, lena n-áirítear mar chuid den athchóiriú ar na Náisiúin Aontaithe i gcoitinne. Meabhraíonn sé go mba cheart do bhaill uile na Náisiún Aontaithe, baill na Comhairle um Chearta an Duine san áireamh, na caighdeáin is airde a choinneáil maidir le cearta an duine. I mbliain seo an chomórtha, athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le Comhairle na hEorpa agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

5. Beidh an tAontas Eorpach ag iarraidh dul i mbun idirphlé leis na stáit uile maidir le cearta an duine, lena n-áirítear trí Ionadaí Speisialta an Aontais do Chearta an Duine i ndlúthchomhar le hIonadaithe Speisialta Réigiúnacha an Aontais. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na stáit uile rochtain iomlán ar a gcríocha, ar a réigiúin agus ar a limistéir choinbhleachta a thabhairt, gan choinníoll gan bhac, do shásraí sainordaithe na Náisiún Aontaithe agus do shásraí sainordaithe eile um chearta an duine. Tá súil aige go léireoidh gach stát meas orthu siúd atá ag obair i gcomhar le Córas na Náisiún Aontaithe agus go gcosnóidh siad iad agus cáineann sé aon imeaglú nó ciapadh a dhéanfaí orthu sin nó aon díoltas a d'imreofaí orthu. Athdhearbhaíonn sé go dtacaíonn sé le hobair Ardrúnaí Cúnta na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i ndáil leis sin. Tabharfaidh an tAontas aitheantas agus tacaíocht do thionscnaimh náisiúnta agus áitiúla lena gcuirfear leis an urraim ar chearta an duine, go háirithe tríd an obair leantach sin a eascróidh as a thionscnamh '*Good Human Rights Stories*' [Dea-scéalta faoi Chearta an Duine], lena n-áirítear i gcomhthéacs na Comhairle um Chearta an Duine. Is mór aici rannpháirtíocht na hAirgintíne, Bhuircíne Fasó, Rinn Verde, na Sile, na Seoirsia, na hIndinéise, na Nua-Shéalainne, na hIorua, Pheiriú, Phoblacht na Cóiré, na Gaimbia, na Túinéise agus Uragua sa Tionscnamh agus i roinnt na ndea-scéalta faoi chearta an duine.

6. Tapóidh an tAontas Eorpach gach deis le hiarraidh ar na stáit sin nár aontaigh do na príomhchonarthaí um chearta an duine go fóill, nó nár dhaingnigh go fóill iad, é sin a dhéanamh anois. I gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle 2018 maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta tráth a raibh comóradh 20 bliain á dhéanamh ar ghlacadh Reacht na Róimhe, tapóidh an tAontas gach deis le hiarraidh ar gach stáit nár aontaigh go fóill do Reacht na Róimhe nó nár dhaingnigh é, na forálacha ann a chur chun feidhme go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta, tacú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus comhoibriú léi go hiomlán.

7. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil cearta uile an duine le fíorú ar fud an domhain, is cuma cé acu cearta sibhialta agus polaitiúla nó cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha iad, agus athdhearbhaíonn sé nach ann d'aon ordlathas i gcás chearta an duine. Meabhraíonn sé go bhfuil cearta an duine i gcroílár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus ina spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus iarrann sé ar na Náisiúin Aontaithe dlúthfhaireachán a dhéanamh ar a gcomhlíonadh. Tá an tAontas tiomanta don rannpháirtíocht le gach stáit d'fhonn urraim, cosaint agus comhlíonadh diaidh ar ndiaidh a chur chun cinn maidir le cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, lena n-áirítear an ceart chun oideachais, an ceart chun bia, an ceart chun uisce óil sábháilte agus chun sláintíocht mar chodanna den cheart chun caighdeán leordhóthanach maireachtála, agus athdhearbhaíonn sé ag an am céanna go dtacaíonn sé leis an gceart chun forbartha, bunaithe ar dhoroinnteacht, idirspleáchas, uilíocht agus doshanntacht chearta uile an duine. I mbliana agus comóradh 40 bliain á dhéanamh ar an gCoinbhinsiún maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban a dhíothú, leanfaidh an tAontas dá rannpháirtíocht le go mbainfidh fir agus mná an tairbhe chéanna as na cearta sin. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé fíor-thiomanta do cheart gach aon duine an caighdeán is airde is féidir a bhaint amach ó thaobh na sláinte fisiciúla agus meabhrach, lena n-áirítear ina ghníomhaíochtaí seachtracha, lena ndéanann sé a dhícheall freagairt do bhagairtí sláinte domhanda, tacú le córais inbhuaine sláinte agus feabhas a chur ar an rochtain ar chógais riachtanacha inacmhainne.

8. Dearbhaíonn an tAontas Eorpach an athuair go gcuireann sé go láidir agus go neamhbhalbh i gcoinne phionós an bháis in am ar bith agus i gcás ar bith. Chuige sin, is díol sásaimh dó an dul chun cinn atá á dhéanamh chun é a chealú fud an domhain. Tá áthas air a fheiceáil go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an tacaíocht atá ann don rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le moratóir ar úsáid phionós an bháis. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na tíortha deireanacha sin ag a bhfuil pionós an bháis fós á chur i bhfeidhm moratóir a thabhairt isteach mar chéad chéim i dtreo chealú iomlán dlíthiúil phionós an bháis agus leanfaidh sé de bheith ag gríosú stáit ina bhfuil moratóir i bhfeidhm na chéad chéimeanna eile a thabhairt d'fhonn pionós an bháis a chealú go hiomlán. Molann sé do na stáit sin a chealaigh é cheana an méid sin a chosaint ina mbunreacht agus an Dara Prótacal Roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR) a dhaingniú. Leanfaidh an tAontas de bheith ag labhairt amach i gcoinne chur i bhfeidhm phionós an bháis, go háirithe i gcás cionta a rinne daoine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois, mná atá ag súil le breith nó daoine a bhfuil meabhairghalar nó míchumas intleachta orthu nó i gcásanna eile ina sáraítear aon chaighdeán íosta eile agus leanfaidh sé de labhairt amach i gcoinne ollbhásuithe agus breitheanna báis bunaithe ar admhálacha faoi iallach.

9. Leanfaidh an tAontas Eorpach, atá ar cheann de chomhthionscnóirí an Chomhaontais Domhanda chun deireadh a chur leis an trádáil in earraí a úsáidfear do phionós an bháis nó don chéasadh, de bheith ag cur go láidir i gcoinne úsáid an chéasta agus úsáid íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a dhéanfaidh gníomhairí stáit nó neamhstáit is cuma cá ndéanfar í, agus i gcoinne chleachtas an fhuadaigh fhorfheidhmithe agus básuithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, chomh maith, agus leanfaidh sé de cháineadh a dhéanamh ar an méid sin uile freisin. Chuige sin, tá sé thar a bheith buartha faoin iliomad cás a tuairiscíodh sa Bhurúin, i bPoblacht na Seisnia (Cónaidhm na Rúise), i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastapol, a ndearna Cónaidhm na Rúise nasc-ghabháil neamhdhleathach orthu agus i limistéir d'oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag an Rialtas faoi láthair, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, san Éigipt, sa Libia, i Maenmar, i Nicearagua, sa Phacastáin, sna hOileáin Fhilipíneacha, san Araib Shádach, sa tSúdáin Theas, sa tSiria, i Veiniséala agus in Éimin agus tá sé ag faireadh ar na cásanna sin i gcónaí. Iarrann an tAontas ar na stáit uile a áirithiú go ndéanfar imscrúdú éifeachtach gan mhoill ar líomhaintí faoi chásanna ina bhfuil daoine á gcéasadh, á bhfuadach le forneart agus á marú go seachbhreithiúnach agus go mbeidh an t-imscrúdú sin neamhchlaonta agus trédhearcach, le hionchúiseamh iomchuí na ndaoine sin atá freagrach as a áirithiú. Tá an-imní ar an Aontas i gcónaí faoi na cásanna a tuairiscíodh de dhrochíde agus céasadh faoi choinneáil sa tSín agus iarrann sé ar na húdaráis imscrúdú críochnúil a dhéanamh orthu.

10. Leanfaidh an tAontas de sheasamh go láidir i gcoinne gach cineál leithcheala, lena n-áirítear mar gheall ar na nithe seo: gnéas, bunú eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, claonadh gnéis nó aitheantas inscne, agus leanfaidh an tAontas go comhsheasmhach agus go cuiditheach dá rannpháirtíocht i sainorduithe na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar an bhforéigean agus ar an leithcheal bunaithe ar aon cheann de na forais a luaitear thuas nó ar aon fhorais eile agus de thacú le hobair leantach na Náisiún Aontaithe chuige sin.

11. Leanfaidh an tAontas dá rannpháirtíocht ghníomhach sna hiarrachtaí idirnáisiúnta comhionannas inscne a bhaint amach, ionas gur féidir le mná agus cailíní tairbhe a bhaint as cearta uile an duine, agus go ndéanfar na mná sin agus na cailíní sin a chumhachtú mar ábhar tosaíochta. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú na gné inscne a chinntiú i ngach gné d'obair na Comhairle um Chearta an Duine, an Chomhthionóil Ghinearálta agus fóram eile um chearta an duine. Agus í ag meabhrú di an Chomhthoil Eorpach um Fhorbairt, leanann an Chomhairle de bheith tiomanta do gach ceart daonna a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus do Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus toradh a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, agus leanann sí de bheith tiomanta do shláinte agus do chearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs seo. Ag croílár gach gníomh de chuid an Aontais, i staideanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta agus staideanna nach iad, cuirfear cosc ar gach cineál foréigin bunaithe ar inscne, lena n-áirítear cleachtais dhíobhálacha agus leithcheal, agus déanfar an foréigean sin a chomhrac agus a ionchúiseamh chun sláine fhisiciúil agus shíceolaíoch na mban agus na gcailíní a áirithiú. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go héifeachtach mar aon leis na rúin a tháinig ina dhiaidh maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil, i gcomhréir le conclúidí ón gComhairle 2018 maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Inscne agus Chur Chuige nua Straitéiseach an Aontais maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil.

12. Déanfaidh an tAontas gach iarracht an urraim ar chearta an duine do leanaí uile a dhearbhú agus cosaint agus comhlíonadh na gcearta sin do leanaí uile a chur chun cinn, go háirithe dóibh siúd atá i gcásanna leochaileacha. Oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na Náisiún Aontaithe, go háirithe le hIonadaithe Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus maidir le Foréigean i gcoinne Leanaí, agus le nósanna imeachta speisialta ábhartha na Náisiún Aontaithe, chun cosc a chur ar mharú, ciorrú agus fuadach leanaí i staideanna coinbhleachta agus chun deireadh a chur lena leithéid, mar aon le foréigean gnéis, chun deireadh a chur le hionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil, chun rochtain dhaonnúil ar leanaí sna cásanna sin a áirithiú agus chun stop a chur le hearcaíocht agus úsáid leanaí a dhéanfadh páirtithe i gcoinbhleacht agus grúpaí sceimhlitheoireachta. Tá sé thar a bheith buartha i gcónaí mar gheall ar earcaíocht agus úsáid leanaí i bPoblacht na hAfraice Láir, sa tSomáil, sa tSúdáin Theas, sa tSiria agus in Éimin, rud a aithnítear i dTuarascáil 2018 ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha; agus tá sé thar a bheith buartha, leis, faoin líon ard leanaí a maraíodh nó a ciorraíodh, lena n-áirítear i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, san Iaráic, i Maenmar, sa tSiria agus in Éimin, chomh maith leis an líon mór cásanna a fíoraíodh den éigniú agus de chineálacha eile foréigin ghnéasaigh i bPoblacht na hAfraice Láir, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, i Libia, i Maenmar agus sa tSúdáin Theas.

13. Leanfaidh an tAontas de chearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear i bhfóraim na Náisiún Aontaithe. Ní hamháin gur ócáid thábhachtach í comóradh 30 bliain an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh in 2019 ach is deis an comóradh sin freisin lenár dtiomantas a athnuachan maidir le cur chun feidhme iomlán an Choinbhinsiúin agus a Phrótacail ar fud an domhain a áirithiú agus an dul chun cinn atá déanta ó glacadh é a mheas. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh lena ndírítear ar rochtain uilíoch ar oideachas ardcháilíochta, cuimsitheach a áirithiú do chách, le béim ar leith ar leanaí i gcásanna leochaileacha agus ar gach cineál foréigin in aghaidh leanaí a dhíbirt, lena n-áirítear an bhulaíocht agus an chibearbhulaíocht agus cleachtais dhíobhálacha amhail pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais agus ciorrú ball giniúna ban agus ar chearta na leanaí atá gan cúram tuismitheoirí a chur chun cinn agus a chosaint.

14. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur i gcoinne gach cineál ciníochais, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe agus éadulaingthe gaolmhaire ar fud an domhain. Leanfaidh sé den tsaoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn agus a chosaint lena gcuirtear leis an daonlathas, le forbairt, leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht agus leanfaidh sé de ghéarleanúint agus leithcheal i gcoinne daoine ar fud an domhain ar de mhionlaigh reiligiúin iad, agus mí-úsáid dlíthe diamhasla a cháineadh. Leanfaidh an tAontas de chur i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha agus de chur i gcoinne na fuathchainte, bíodh sé ar líne nó as líne.

15. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát urraim a thabhairt do chearta na ndaoine ar de mhionlaigh iad, bíodh siad de mhionlach náisiúnta, eitneach nó reiligiúnach, agus a gcearta a chosaint agus a chomhlíonadh chomh maith. Iarrainn sí ar na stáit urraim a áirithiú ar na cearta sin atá, cheana féin, á dtabhairt dóibh siúd ar chuid de mhionlaigh náisiúnta iad, faoi mar atá cumhdaithe i gCoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa. Tá imní ar an Aontas faoi na cásanna seasta sin de sháruithe atá le feiceáil sa Chamarún, i Maenmar, sa Phacastáin, i gCónaidhm na Rúise agus i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastapol, a ndearna Cónaidhm na Rúise nasc-ghabháil neamhdhleathach orthu agus i limistéir d'oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag an Rialtas faoi láthair. Tá imní air faoin staid i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uighur, áit a bhfuil campaí athoideachais pholaitiúil agus faireachas forleathan agus srianta dírithe ar an bpobal Uyghur go háirithe, agus tá súil á coinneáil aige ar an staid sin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar an tSín urraim a thabhairt don tsaoirse tuairimí a nochtadh, don éagsúlacht chultúrtha agus don tsaoirse reiligiúin nó creidimh, go háirithe i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uighur agus i Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide.

16. D'fhonn tacú le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16, leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát dea-fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha a áirithiú, urraim ar an smacht reachta agus ar phrionsabail an dea-rialachais a dhearbhú, agus ráthaíocht a thabhairt maidir le saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh, bíodh sin ar líne nó as líne, saoirse comhthionóil shíochánta agus comhlachais, agus neamhspleáchas na mbreithiúna. Chuige sin, tá sé buartha faoin méid a fheiceann sé ag titim amach sa Bhealarúis, sa Bhanglaidéis, sa Chambóid, san Eiritré, i nGuatamala, i Nicearagua, i gCónaidhm na Rúise, sa tSúdáin, sa Tuirc agus i Veiniséala. Iarrann an tAontas ar gach stát a áirithiú go mbeidh aon fhreagairt ar choireanna sceimhlitheoireachta ag teacht go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine san áireamh. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá cosaint agus cur chun cinn chearta íospartaigh na gcoireanna sceimhlitheoireachta. Díreoidh sé ach go háirithe ar chur chun cinn agus ar chosaint chearta an duine a mhéid a bhaineann sin le hintleacht shaorga.

17. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar gach stát an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a dhearbhú agus rochtain iomlán gan bhac ar fud na tíre a áirithiú d'fhonn cabhair dhaonnúil a thabhairt do na pobail sin atá i ngátar. Leanfaidh sé de shúil ghéar a choinneáil ar an staid i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastapol, a ndearna Cónaidhm na Rúise nasc-ghabháil neamhdhleathach orthu agus i limistéir d'oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag an Rialtas faoi láthair, i Maenmar, sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, áit a bhfuil oibleagáidí ar Iosrael faoin Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta, sa tSiria agus in Éimin. Leanfaidh an tAontas de rochtain gan bhac a iarraidh do na sásraí faireacháin um chearta an duine i réigiún na hAbcáise agus i réigiún na hOiséite Theas, dhá réigiún scarúnaíocha. Seasfaidh an tAontas an fód ina thiomantas an dlí um chearta an duine a dhearbhú i ndáil le dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh. Athdhearbhaíonn an tAontas gur sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine iad gach cineál gáinneála ar dhaoine agus gur coireacht eagraithe í an gháinneáil sin. Leanfaidh sé de bheith ag iarraidh ar gach stát an gháinneáil ar dhaoine a chosc, na híospartaigh a chosaint agus ionchúiseamh éifeachtach dhéantóirí na coire a áirithiú.

18. Leanfaidh an tAontas de thacú le doiciméadú gach sáraithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, go háirithe sáruithe córasacha forleathana ar chearta an duine, ar féidir gurb ionann cuid acu agus cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna nó coireanna cogaidh, agus de thacú le hiarrachtaí fianaise a bhailiú ar mhaithe le caingne dlí amach anseo trí shásraí amhail Coimisiúin Fiosrúcháin faoi shainordú na Náisiún Aontaithe agus Sásraí Idirnáisiúnta mar a rinneadh le déanaí i gcás na Burúine, Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, Mhaenmar, na Siria agus Éimin, d'fhonn an bealach a réiteach le gur féidir na daoine a bhfuil coireanna tromchúiseacha déanta acu a thabhairt chun cuntais, lena n-áirítear tríd an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus trí ghníomhaíocht dlínsí náisiúnta.

19. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh a chur chun cinn agus a chosaint, mar aon le sábháilteacht iriseoirí agus blagálaithe. Leanfaidh sé de thacú leis an tsochaí shibhialta agus le cosantóirí chearta an duine, gach bealach is féidir agus in áit ar bith ina bhfuil siad i mbaol agus leanfaidh sé den obair d'fhonn cur i gcoinne laghdú an spáis don tsochaí shibhialta. Chuige sin, tá an tAontas buartha faoin méid a fheiceann sé ag titim amach san Asarbaiseáin, i mBairéin, sa Bhealarúis, sa Bhurúin, sa Chambóid, sa tSín, i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastapol, a ndearna Cónaidhm na Rúise nasc-ghabháil neamhdhleathach orthu agus i limistéir d'oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag an Rialtas faoi láthair, san Éigipt, san Iaráin, i Maenmar, i Nicearagua, san Araib Shádach, i gCónaidhm na Rúise, sa Tansáin, sa Tuirc, i Veiniséala, i Vítneam, agus sa tSiombáib. Tá an tAontas thar a bheith buartha agus ar an ábhar sin leanfaidh sé de bhagairtí agus d'ionsaithe a cháineadh go láidir, chomh maith le feachtais chlúmhillte, ionchúiseamh mailíseach, toirmisc taistil, gabhálacha treallacha, fuadaigh le forneart, coinneáil chosantóirí chearta an duine, iriseoirí, blagálaithe, oibrithe na meán agus dhlíodóirí chearta an duine agus díoltas a imreofar orthu siúd a cháineadh agus leanfaidh sé de chuntasacht a lorg sna cásanna uile sin. Díreoidh sé ach go háirithe ar an mbaol ar leith atá ann do chosantóirí chearta an duine ar mná nó bundúchasaigh iad, chomh maith le cosantóirí eile chearta an duine atá leochaileach, amhail cosantóirí LGBTI. Leanfaidh an tAontas de chur i gcoinne srianta neamhréireacha dlíthiúla agus riaracháin arna gcur ar eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear córais phionósacha clárúcháin agus srianta ar mhaoiniú a fháil.

20. Leanfaidh an tAontas de cheist chur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn ina ghníomhaíocht sheachtrach agus ina bheartais inmheánacha, lena n-áirítear trí thionscnaimh ar an dícheall cuí maidir le cearta an duine, rochtain ar an sásamh dlí d'íospartaigh sáruithe corparáideacha, agus leanfaidh sé de thacú le cosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol agus le bundúchasaigh. Is bealaí iad Treoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus iompar freagrach gnó lenar féidir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme. Trí úsáid a bhaint as an idirphlé a bhíonn aige le tríú tíortha agus trí uirlisí eile, spreagfaidh an tAontas glacadh agus cur chun feidhme Threoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe trí bhíthin Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus tabharfaidh sé tacaíocht de réir mar is gá. Féachfaidh sé ar na deiseanna atá ann dlús a chur le cur chun feidhme Threoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith gaolmhar leo sin. Leanfaidh an tAontas de shúil a choinneáil ar thionscnaimh il-gheallsealbhóirí a bhfuil a bhfuil gealladh fúthu amhail Comhlachas an Chóid Iompair Idirnáisiúnta do Sholáthraithe Slándála Príobháideacha agus an tIonad um Spórt agus Cearta an Duine.